S7A

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán na Marcanna

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

## GAEILGE (ARDLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (100 marc)

**AN DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 go dtí 2.00**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | | D | | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | | | | |

STAMPA AN IONAID

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH AS GAEILGE.** **(100 marc)**

# CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó gach duine de *thriúr* daoine óga sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh ***trí huaire***. Éist go cúramach leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1, 2** agus **3** thíos.

**1.** **An Chéad Chainteoir**

| | |
|---|---|
| Ainm | *Máire Ní Thuathail* |
| Cad as dá hathair? | |
| Cén post atá ag a máthair? | |
| Cén fáth nach mbíonn daoine ródheas, uaireanta, lena máthair? | |

**2.** **An Dara Cainteoir**

| | |
|---|---|
| Ainm | *Féilim Ó Dochartaigh* |
| Cén saghas scoile a bhfuil sé ag freastal uirthi? | |
| Cad a theastaíonn uaidh a dhéanamh amach anseo? | |
| Cá bhfuil garáiste a uncail? | |

**3.** **An Tríú Cainteoir**

| | |
|---|---|
| Ainm | *Pádraic Mac a'tSaoi* |
| Cá bhfuil sé ina chónaí? | |
| Ainmnigh an spórt a imríonn sé. | |
| Cén airde atá aige? | |

## **CUID B**

Cloisfidh tú *trí* fhógra sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh ***faoi dhó***. Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach casadh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach fógra a fhreagairt.

### **Fógra a hAon**

**1.** Cén fáth a mbeidh an Halla Spóirt dúnta?

**2.** Cá mbeidh na ranganna corpoideachais anois?

**3.** Cad a dhéanfaidh na daltaí má bhíonn sé ag cur báistí?

### **Fógra a Dó**

**1.** Cathain a osclófar Féile na bPortach?

**2.** Ainmnigh an duine a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil.

**3.** Cén fáth a n-eagrófar comórtas sna scoileanna?

### **Fógra a Trí**

**1.** Cad atá déanta ag madraí strae le cúpla mí anuas?

**2.** Cá gcuirtear ainm an úinéara?

**3.** Cad a tharlóidh d'úinéirí nach leanann an rialachán?

# CUID C

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite teileafóin sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh ***trí huaire***. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina 2 mhír. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun deis a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## Comhrá a hAon

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Mícheál agus Tríona le déanaí?

***An Dara Mír***

**2.** (i) Cén fáth ar cheap Mícheál go raibh an slua go hiontach?

(ii) Luaigh **pointe amháin** eolais faoin suíomh.

## Comhrá a Dó

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a dúirt Siobhán le hEibhlín?

***An Dara Mír***

**2.** (i) Luaigh **pointe amháin** eolais faoi laethanta saoire Eibhlín.

(ii) Cén fáth a bhfeicfidh Eibhlín an "buachaill dathúil" arís?

## Comhrá a Trí

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén gaisce a rinne Sibéal le déanaí?

***An Dara Mír***

**2.** Luaigh **dhá chúis** ar thug sí an barra rotha léi?

# CUID D

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí ón raidió sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh ***faoi dhó***. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna a ghabhann le gach píosa díobh.

## Píosa a hAon

**1.** Cé mhéad euro a chosain gach gluaisrothar?

**2.** Cad chuige a n-úsáidfidh na Gardaí na gluaisrothair?

## Píosa a Dó

**1.** Cé a bhí ag seinm san Ionad Pobail sa Daingean?

**2.** Cén fáth a bhfuil aithne ag muintir na háite ar an gceoltóir seo?

## Píosa a Trí

**1.** Cad a bhíonn ar siúl sa scoil le linn an tsosa agus am lóin?

**2.** Cén plean atá ag na daltaí?